



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2014

Scéim Mharcála

GAEILGE

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéisí fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2014

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

GNÁTHLEIBHÉAL

GINEARÁLTA

Ní mór do na Scrúdaitheoirí Cúnta an mharcáil a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór dóibh na mórshotúin go háirithe a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Is cóir na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad), a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar fhreagarleabhar an iarrthóra.

Páipéar I (160 marc)

CEIST 1 - CLUASTUISCINT - 60 marc

- (i) Tuiscint = 60 marc
(ii) Cumas Gaeilge - (0-6) marc
(iii) Iomlán =

Cuid A: 24 marc (Eolas)

Fógra 1: $3 \text{ mharc} \times 4 = 12 \text{ mharc}$

Fógra 2: $3 \text{ mharc} \times 4 = 12 \text{ mharc}$

$12 + 12 = \underline{24 \text{ marc}}$

Cuid B: 24 marc (Eolas)

Comhrá 1: $3 \text{ mharc} \times 4 = 12 \text{ mharc}$

Comhrá 2: $3 \text{ mharc} \times 4 = 12 \text{ mharc}$

$12 + 12 = \underline{24 \text{ marc}}$

Cuid C: 12 mharc (Eolas)

Píosa 1: $3 \text{ mharc} \times 2 = 6 \text{ mharc}$

Píosa 2: $3 \text{ mharc} \times 2 = 6 \text{ mharc}$

$6 + 6 = \underline{12 \text{ mharc}}$

$\underline{24 + 24 + 12 = 60}$

Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.

Triail Chluastuisceana

Téipscript

Fógra 1 (Canúint na Mumhan)

Fáilte isteach tráthnóna, a éisteoirí, go Raidió na Gaeltachta. Tá sibh ag éisteacht leis an gclár **Fógraí an Deiscirt**. Tagann an chéad fhógra tráthnóna ó Ollscoil Luimnigh. Tá Ollscoil Luimnigh ag lorg rúnaí i Roinn na Gaeilge. Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo tá: ardscoiléanna ríomhaireachta, taithí cúig bliana ar obair oifige agus Gaeilge líofa. Is é an tuarastal ná €20,000 sa bhliain. Beidh ocht lá dhéag de laethanta saoire le fáil. Mairfidh an lá oibre óna naoi ar maidin go dtí leathuair tar éis a cúig tráthnóna. Tá gach eolas faoin bpost seo le fáil ag www.ul.ie, nó trí ghlaoch a chur ar an uimhir 061-92917.

Fógra a Dó (Canúint Uladh)

Seo fógra ó TG4. Tosóidh Sceideal Spóirt an tSamhraidh ar TG4 Dé Luain seo chugainn. Beidh Corn an Domhain sa sacar ar siúl sa Bhrasaíl sa samhradh. Tosóidh sé ar an dara lá déag de mhí an Mheithimh. Craolfar clár speisialta **Sacar an Lae** ar leathuair tar éis a sé gach tráthnóna a fhad is a bheidh Corn an Domhain ar siúl. Beidh tuairiscí, torthaí agus anailís ar chluichí móra an lae ar an gclár. Chomh maith leis sin, cuirfear tús le comórtas leadóige Wimbledon Dé Luain an tríú lá is fiche de Mheitheamh. Beidh na cluichí móra ar fad á gcráladh beo as Wimbledon óna haon a chlog gach lá. Bígí linn.

Cuid B

Comhrá a hAon (Canúint Chonnacht)

An Chéad Mhír

Pól: Cén chaoi a bhfuil tú, a Áine? Féachann tú tuirseach traochta.

Áine: Táim tuirseach ceart go leor, a Phóil. Táim ag obair go dian na laethanta seo. Bhí an scrúdú cainte sa Ghaeilge agam inniu.

Pól: Ó mo thrua thú, a Áine. Is maith is cuimhin liom an strus sin anuraidh. Bíonn laethanta crua agam san ollscoil i mbliana, ach níl siad pioc chomh strusmhar le laethanta na hArdteistiméireachta.

Áine: Bhuel, is maith liom é sin a chloisteáil. Ach cé go bhfuilim tuirseach, táim sona sásta. Bhí mé ullamh don scrúdú inniu, bhí an obair déanta agam.

Pól: Cén saghas duine é an scrúdaitheoir a bhí agat, a Áine?

Áine: Bhí an scrúdaitheoir féin lách, cairdiúil. Bhí a chuid ceisteanna cothrom agus réasúnta.

An Dara Mír

Pól: Cad é an t-ábhar cainte ba spéisiúla a bhí agat leis an scrúdaitheoir, a Áine?

Áine: An nuatheicneolaíocht, a Phól.

Pól: Bhí go leor le rá agat faoin ábhar sin, a déarfainn. Táimid go léir ag brath ar an nuatheicneolaíocht na laethanta seo. Úsáidtear an teicneolaíocht an-mhínic san ollscoil.

Áine: Tá sé sin ag tarlú níos mó sna scoileanna dara leibhéal na laethanta seo freisin. Sa scoil anseo mar shampla, beidh iPad ag na daltaí sa chéad bhliain i Meán Fómhair seo chugainn.

Pól: Sin nuacht iontach.

Áine: Cinnte. Ach tá taobh diúltach ag baint leis an nuatheicneolaíocht freisin. Caitheann daoine óga an iomarca ama ar Facebook agus ar na líonraí sóisialta.

Pól: Aontaím leat, a Áine. Is í an bhulaíocht ar líne an fhadhb is mó a bhaineann leis an nuatheicneolaíocht, dar liom.

Áine: Tá an ceart agat. Ach, faraor, ní raibh seans agam í sin a phlé leis an scrúdaitheoir. Bhí an t-am istigh.

Pól: Ní bheidh an t-am againn í sin a phlé anois ach an oiread. Táim ag dul chuig an leabharlann anois. Tá aiste le críochnú agam roimh an lá amárach. Slán.

Comhrá a Dó (Canúint na Mumhan)

An Chéad Mhír

An fón ag bualadh

Seán: Dia duit. Seán anseo.

Orla: Dia is Muire duit, a Sheáin. Comhghairdeas leat. Chuala mé an dea-scéala gur bhuaigh tú gradam “Scoláire na Bliana” ag Oíche na nGradam sa scoil aréir.

Seán: Go raibh míle maith agat, a Orla. Ní raibh mé ag súil leis in aon chor.

Orla: Ara, éist! Nach raibh an post agat mar chathaoirleach ar Chomhairle na Mac Léinn. Cloisim go ndearna tú jab iontach. Nár eagraigh sibh an club sláinte agus aclaíochta sa scoil le bliain anuas?

Seán: D’eagraigh, gan dabht. Rinneamar suirbhé agus bhí tromlach na scoláirí go mór i bhfabhar club sláinte agus aclaíochta a thosú sa scoil ag am lóin.

Orla: Nárbh iontach an smaoineamh é sin. Agus tráthúil. Éiríonn a lán déagóirí as an spórt na laethanta seo agus ní chaitheann siad go leor ama amuigh faoin aer.

Seán: Is fíor duit, a Orla.

An Dara Mír

Orla: Inis dom, a Sheáin, cad iad na himeachtaí a chuir sibh ar siúl?

Seán: Leagamar amach clár imeachtaí ag am lóin, Dé Máirt agus Déardaoin. Chuireamar ranganna rince, cluichí cispheile agus comórtais lúthchleasaíochta ar siúl.

Orla: Ó, molaim sibh.

Seán: Is fearr an tsláinte ná na táinte, a Orla. Bhíodh lón sláintiúil againn sa cheaintín gach Céadaoin. Ní bhíodh cead ag aon scoláire bia míshláintiúil ná deochanna súilíneacha a thabhairt isteach sa cheaintín an lá sin.

Orla: An-phlean ar fad, a Sheáin.

Seán: Caithfidh mé a rá gur bhaineamar taitneamh as a bheith ag eagrú na n-imeachtaí.

Orla: Ach, a Sheáin, tá laethanta saoire an tsamhraidh tagtha anois. An dóigh leat go mbeidh na scoláirí chomh díograiseach céanna faoin aclaíocht agus faoi chúrsaí sláinte agus iad ar saoire?

Seán: Bhuel tugadh nuachtlitir do gach scoláire sular imíodar ar saoire don samhradh. Tugann an nuachtlitir sin liosta de na clubanna spóirt go léir sa cheantar chomh maith le comhairle faoi chúrsaí bia.

Orla: Maith sibh. Slán anois.

Cuid C

Píosa a hAon (Canúint Chonnacht)

Bliain speisialta ba ea 2013 don stáisiún raidió *Raidió na Life*. Bhí muintir *Raidió na Life* ag ceiliúradh mar bhí an stáisiún fiche bliain ar an aer. Stáisiún raidió pobail is ea *Raidió na Life* a thosaigh ag craoladh i Meán Fómhair 1993. Tá sé dírithe ar phobal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus ar fud Chúige Laighean. Craoltar meascán maith clár ar an stáisiún - nuacht, ceol, spórt agus caint. Tá moladh mór ag dul do Raidió na Life mar braitheann an stáisiún cuid mhaith ar oibríthe páirtaimseartha deonacha. Mar aitheantas ar an stádas atá bainte amach ag *Raidió na Life*, bronnadh gradam “Stáisiún Raidió na Bliana” air ag Féile na Meán Ceilteach in 2013.

Píosa a Dó (Canúint Uladh)

Dé hAoine seo caite, d'imigh tríocha mac léinn as Coláiste na hOllscoile, Corcaigh le mí a chaitheamh ag obair go deonach ar na hoileáin Philipíneacha. Beidh na mic léinn ag obair le comhlacht tógála áitiúil, ag tógáil tithe. Scríosadh a lán tithe ar na hoileáin in 2013 nuair a bhuaíl tífúin ollmhór an ceantar agus fágadh a lán daoine gan dídean. Bhí feachtas bailithe airgid ag na mic léinn san ollscoil le tamall anuas le hairgead a bhailiú don tionscnamh tógála. D'eagraigh siad a lán imeachtaí éagsúla - maidin chaifé, seó faisin, tráth na gceist agus seó tallainne. Tá seic €10, 000 le tabhairt acu don obair thógála. Ádh mór orthu.

Cuid A (24 marc)

FÓGRA A hAON (12 mharc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén stáisiún raidió atá luaite san fhógra?	(Raidió na) Gaeltachta	3 mharc
Cén Ollscoil atá ag lorg rúnaí?	Luimnigh	3 mharc
Cé mhéad lá de laethanta saoire a bheidh le fáil?	18 / ocht lá dhéag	3 mharc
Cén uimhir theileafóin atá ag an Ollscoil?	061 92917	3 mharc
	061 (1 mharc) + 92917 (2 mharc)	

FÓGRA A DÓ (12 mharc)

- Cathain a thosóidh Sceideal Spóirt an tSamhraidh ar TG4? **3 mharc**
(Dé) Luain seo chugainn = 3 mharc
Dé Luain = 2 mharc
 - Cén t-ainm a bheidh ar an gclár speisialta a chraolfar ar leathuair tar éis a sé? Sacar an Lae = 3 mharc **3 mharc**
- Cén comórtas a imreofar in Wimbledon? **3 mharc**
Leadóg/leadóige = 3 mharc
 - Cén t-am a thosóidh an craoladh beo as Wimbledon gach lá? **3 mharc**
A haon (a chlog) = 3 mharc

Cuid B (24 marc)

COMHRÁ A hAON (12 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cén scrúdú cainte a bhí ag Áine inniu? **3 marc**
Gaeilge = 3 marc
2. Luaigh rud **amháin** a deir Áine faoin scrúdaitheoir. **3 marc**
Lách **nó** cairdiúil **nó** na ceisteanna cothrom **nó** na ceisteanna réasúnta **nó** bhí an scrúdaitheoir ag caint faoi nuatheicneolaíocht = 3 marc

An Dara Mír

1. Cathain a bheidh iPad ag na daltaí sa chéad bhliain i scoil Áine? **3 marc**
Meán Fómhair seo chugainn = 3 marc
Meán Fómhair = 2 marc
2. Cad atá le críochnú ag Pól roimh an lá amárach? **3 marc**
Aiste = 3 marc

COMHRÁ A DÓ (12 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cathain a bhí Oíche na nGradam ar siúl sa scoil? **3 marc**
Aréir = 3 marc
2. Cén post a bhí ag Seán ar Chomhairle na Mac Léinn? **3 marc**
Cathaoirleach = 3 marc

An Dara Mír

1. Cén lá a bhíodh an lón sláintiúil acu sa cheaintín? **3 marc**
Céadaoin = 3 marc
2. Cad a tugadh do gach scoláire sular imíodar ar saoire don samhradh? **3 marc**
Nuachtlitir = 3 marc
Liosta de na clubanna spóirt = 3 marc
Comhairle faoi chúrsaí bia = 3 marc
Comhairle faoi bhia = 3 marc

Cuid C (12 mharc)

PÍOSA A hAON (6 mharc)

1. Cé mhéad bliain atá Raidió na Life ar an aer?
Fiche **nó** 20 **3 mharc**
2. Scríobh síos saghas **amháin** cláir a chraoltar ar Raidió na Life.
Nuacht **nó** ceol **nó** spórt **nó** caint **3 mharc**

PÍOSA A DÓ (6 mharc)

1. Cá fhad a chaitfidh na mic léinn ar na hOileáin Philipíneacha?
Mí **3 mharc**
2. Cé mhéad airgid atá le tabhairt acu don obair thógála?
Deich míle (euro) **nó** (€) 10,000 **3 mharc**

Eolas (60) =

Gaeilge (0-6) = - _____

Móriomlán (60) =

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

I gcás A, B, C, agus D (Dhá cheann le freagairt)

Leathleathanach nó breis:	Tasc	= 2 mharc	
	Ábhar	= 8 marc	= 50 marc x 2
	Cumas Gaeilge	= 40 marc	
			= 100 marc

Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra (= 40%)
 agus
 (ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge (= 50%) agus litriú (= 10%).

[Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

[Nóta: Maidir le ‘Gaeilge Lochtach’ a luaitear leis na ceisteanna ina dhiaidh seo: Lochtanna a fhaightear ar fhreagra an iarrthóra i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

- (i) fairsinge agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra agus
- (ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

(i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]

Páipéar II (200 marc)

CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc

Freagair **A** agus **B** anseo.

A (50 marc)

1. (a) Cén fáth a ritheann Sibéal ceardlanna rince ar an sean-nós i mBaile Átha Cliath? (Alt 1) **5 marc**

- Ritheann sí ceardlanna i mBaile Átha Cliath chun eolas faoin rince ar an sean-nós a scaipeadh i measc phobal na cathrach = 5 marc
- Chun eolas faoin rince ar an sean-nós a scaipeadh = 5 marc
- Chun eolas faoin rince ar an sean-nós = 0

- (b) Cén post atá ag Sibéal ar an gclár *Imeall*? (Alt 1) **5 marc**

- Láithreoir = 5 marc
- Is láithreoir í = 5 marc
- Is moltóir í sa tsraith is déanaí de *Glas Vegas* agus is láithreoir í freisin ar an gclár *Imeall* ar TG4 = 5 marc

2. (a) Cár rugadh Sibéal? (Alt 2) **5 marc**

- Rugadh agus tógadh Sibéal i Raghallach i mBaile Átha Cliath = 5 marc
- Raghallach = 5 marc
- Baile Átha Cliath = 5 marc

- (b) Ainmnigh an **dá** scoil ar fhreastail Sibéal orthu. (Alt 2) **5 marc**

An chéad scoil atá cruinn = 3 marc; an dara scoil luaite agus cruinn = 2 marc

- Scoil Bhríde **agus** Coláiste Íosagáin
- Chuaigh sí ar an mbunscoil i Scoil Bhríde, Raghallach agus ar an meánscoil i gColáiste Íosagáin ina dhiaidh sin. (Dhá scoil luaite san abairt seo) = 3 marc + 2 marc

3. (a) Céard iad na hábhair a ndearna Sibéal staidéar orthu i gColáiste na Tríonóide? (Alt 3) **5 marc**

Dhá ábhar = 3 marc + 2 marc

An chéad ábhar atá cruinn = 3 marc; an dara hábhar = 2 marc

- Gaeilge **agus** Scannánaíocht = 5 marc
- Rinne sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an scannánaíocht ansin = 5 marc

- (b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoina céad scannán. (Alt 3) **5 mharc**

Dhá píosa eolais ag teastáil = 3 mharc + 2 mharc

- Bhí sí ar an ollscoil fós nuair a rinne sí a céad scannán a stiúradh
- Gearrscannán a bhí ann
- *Potaisiam* an t-ainm a bhí air
- A deirfiúr Anna a bhí sa phríomhpháirt
- Bhuaigh an scannán seo duais (€3,500 ag Oireachtas na Gaeilge in 2010)

4. (a) Cá háit is mó a mbíonn an rince ar an sean-nós ar siúl? (Alt 4) **5 mharc**

- Is i nGaeltacht Chonamara is mó a bhíonn an rince ar an sean-nós ar siúl = 5 mharc
- Conamara = 5 mharc
- I nGaeltacht Chonamara = 5 mharc
- Sa Ghaeltacht = 0

- (b) Tabhair **dhá** píosa eolais faoin rince Gaelach. (Alt 4) **5 mharc**

Dhá píosa eolais = 3 mharc + 2 mharc

- Bíonn an corp díreach
- Bíonn na rinceoirí ag gluaiseacht ar fud an urláir
- Bíonn grúpaí ag rince le chéile
- Bíonn na rinceoirí ag gluaiseacht = 0

5. (a) Cén chosúlacht mhór a fheiceann Sibéal idir an rince agus an scannánaíocht? (Alt 5) **5 mharc**

- Is féidir scéal a insint sa dá cheann acu gan teanga ar bith a úsáid = 5 mharc
- Is féidir scéal a insint = 3 mharc
- Is féidir scéal a insint sa dá cheann acu = 3 mharc

- (b) Cén cúrsa atá á dhéanamh ag Sibéal faoi láthair? (Alt 5) **5 mharc**

- Cúrsa sa rince comhaimseartha = 5 mharc
- Cúrsa sa rince = 3 mharc
- Tá cúrsa sa rince comhaimseartha á dhéanamh ag Sibéal in Ollscoil Luimnigh faoi láthair = 5 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Nóta: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh. Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

B (50 marc)

1. (a) Cár rugadh Brian Ó Drisceoil? (Alt 1) **5 marc**
- I gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath = 5 marc
 - I gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath a rugadh é ar an gcéad lá is fiche d'Eanáir 1979 = 5 marc
 - I gCluain Tarbh = 5 marc
 - I mBaile Átha Cliath = 5 marc
- (b) Cén comórtas a bhuaigh foireann Bhriain sa bhliain 1998? (Alt 1) **5 marc**
- Corn Rugbaí an Domhain faoi naoi mbliana déag = 5 marc
 - Bhí sé ar fhoireann na hÉireann nuair a bhuaigh siad Corn Rugbaí an Domhain faoi naoi mbliana déag sa bhliain 1998 = 5 marc
 - Corn Rugbaí an Domhain = 3 marc
2. (a) Cén fáth ar bhliain thábhachtach í 1999 do Bhrian Ó Drisceoil? (Alt 2) **5 marc**
- D'imir sé ar fhoireann idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann ar leibhéal na sinsear den chéad uair = 5 marc
 - D'imir sé ar fhoireann idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann ar leibhéal na sinsear = 3 marc
 - D'imir sé ar fhoireann idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann = 0
- (b) Cad a bhuaigh Éire in 2009 nuair a bhí Brian Ó Drisceoil ina chaptaen? (Alt 2) **5 marc**
- Bhuaigh Éire an 'Grand Slam' = 5 marc
 - In 2009, nuair a bhí sé ina chaptaen, bhuaigh Éire an 'Grand Slam' den chéad uair ón mbliain 1948 = 5 marc
3. (a) Cad a tharla do Bhrian sa chéad chluiche i gcoinne na All Blacks in 2005? (Alt 3) **5 marc**
- Gortaíodh go dona é = 5 marc
 - Bhí sé ina chaptaen ar na Leoin sa Nua-Shéalainn in 2005 ach gortaíodh go dona é sa chéad chluiche i gcoinne na All Blacks = 5 marc
 - Rinneadh drochionsaí air = 5 marc
 - Cuireadh a ghualainn as alt = 5 marc
 - B'éigean é a iompar den pháirc ar shínteán = 5 marc
- (b) Cén fáth a raibh fearg ar a lán de lucht leanúna an rugbaí anuraidh? (Alt 3) **5 marc**
- Nuair nár roghnaíodh Brian don mhórchluiche deireanach = 5 marc

- D'imir sé sa chéad dá mhórchluiche ansin ach bhí fearg ar a lán de lucht leanúna an rugbaí nuair nár roghnaíodh Brian don mhórchluiche deireanach = 5 mharc

4. (a) Luaigh **dhá** scil atá ag Brian mar imreoir. (Alt 4) **5 mharc**

Dhá scil as na cinn seo a leanas: 3 mharc + 2 mharc

- Tá sé láidir.
- Tá sé cróga.
- Is lúthchleasaí iontach é.
- Captaen den scoth ba ea é.
- Bhí tionchar láidir aige ar na himreoirí eile.
- Spreag sé iad sa seomra gléasta agus ar pháirc na himeartha.
- Sár-imreoir rugbaí is ea Brian Ó Drisceoil.
- Thuig sé gur ghá do na himreoirí a n-aighe a choimeád ar an imirt i gcónaí chun an cluiche a bhuachan.

(b) Cén fáth ar bhronn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Saoirse na Cathrach air? (Alt 4) **5 mharc**

- Thug siad aitheantas dó as a ról inspioráideach mar imreoir rugbaí = 5 mharc
- Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aitheantas dó as a ról inspioráideach mar imreoir rugbaí nuair a bhronn siad Saoirse na Cathrach air le déanaí = 5 mharc
- Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aitheantas dó as a ról inspioráideach = 0

5. (a) Scríobh síos rud **amháin** a tharla ar an ócáid speisialta do Bhrian ar an gcéad lá de Shamhain 2013. (Alt 5) **5 mharc**

Rud **amháin** as na rudaí seo a leanas:

- Tugadh onóir speisialta do Bhrian = 5 mharc
- Bhí níos mó ná míle duine i láthair = 5 mharc
- Taispeánadh cuid de ghaiscí rugbaí Bhriain ar an scáileán mór = 5 mharc
- Bhí a lán daoine ag caint agus ag moladh a chuid tallann iontach rugbaí = 5 mharc

(b) Luaigh plean **amháin** atá ag Brian nuair a éireoidh sé as an rugbaí. (Alt 5) **5 mharc**

- Rachaidh sé ag taisteal lena bhean chéile, Amy, má fhaigheann sise obair mar aisteoir i Meiriceá nó i Sasana = 5 mharc
- Rachaidh sé ag taisteal lena bhean chéile = 3 mharc
- Rachaidh sé ag taisteal = 0
- Ba mhaith leis obair charthanach a dhéanamh le cumainn a chabhraíonn le páistí = 5 mharc
- Ba mhaith leis obair charthanach a dhéanamh = 3 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Nóta: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh. Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

CEIST 2 PRÓS - AINMNITHE nó ROGHNACH (50 marc)

A - PRÓS AINMNITHE - (50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Hurlamaboc

Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa ghiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

Luaigh na pointí seo:

- (i) Cén fáth a mbeidh cóisir mhór i dteach Albright?
- (ii) Déan cur síos ar Phól, fear céile Lisín.
- (iii) Conas a réitíonn Ruán, an mac is sine, lena mháthair, Lisín?
- (iv) Cad iad na hullmhúcháin a dhéanann Lisín don chóisir?
- (v) Conas a chaitheann Lisín a cuid ama de ghnáth?

(25 marc)

5 phointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais.

(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus **3 mharc** ar fhorbairt.)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

(b) Oisín i dTír na nÓg

“Ansin shuigh Oisín i bhfianaise Phádraig agus na cléire gur inis sé a scéal ar Thír na nÓg agus ar Niamh Chinn Óir a mheall ón Fhiann é.” *Oisín i dTír na nÓg*

Déan cur síos ar na scéalta a d’inis Oisín don slua faoi Thír na nÓg agus faoi Niamh Chinn Óir.

(25 marc)

5 phointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais.

(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus **3 mharc** ar fhorbairt.)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

B - PRÓS ROGHNACH - (50 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) ann. Tabhair **cuntas** ar na himeachtaí (rudaí) a tharlaíonn don phríomhcharachtar (don phríomhphearsa) sa ghiota sin.

(23 marc)

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

Ainm an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) = 1 mharc

5 pointe eolais ag teastáil (**5 mharc** an ceann ar an gcéad **dá** pointe eolais + **4 mharc** an ceann ar an **trí** pointe eolais eile)

5 mharc = **2 mharc** ar lomphointe eolais + **3 mharc** ar fhorbairt

4 mharc = **2 mharc** ar lomphointe eolais + **2 mharc** ar fhorbairt

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

Teideal an úrscéil = 1 mharc

(2 mharc)

Ainm an údair = 1 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

- (b) Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scéal sin. **(23 marc)**

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

5 pointe eolais ag teastáil (**5 mharc** an ceann ar an gcéad **trí** pointe eolais + **4 mharc** an ceann ar an **dá** pointe eolais eile)

5 mharc = **2 mharc** ar lomphointe eolais + **3 mharc** ar fhorbairt

4 mharc = **2 mharc** ar lomphointe eolais + **2 mharc** ar fhorbairt.

Teideal an scéil bhéaloidis = 2 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

A - FILÍOCHT AINMNITHE - (50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Géibheann

- (i) (a) Cad as don ainmhí seo? **(2 mharc)**

Freagraí samplacha: “as na teochreasa”; an fiántas; tír theochreasach; an teochrios; ceann de na tíortha in aice leis an meánchiorcal; an fhoraois; timpeallacht nádúrtha; an Afraic; ainmhí as na teochreasa; ainmhí allta as na teochreasa...

- (b) Cad a fheiceann an t-ainmhí trí leathshúil? **(2 mharc)**

Freagraí samplacha: “crann aonraic”; crann; an crann sin; an crann sin thall; aon chrann amháin atá in aice leis; na céadta daoine...

“ agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall” = 2 mharc

- (c) Cé a thagann ag féachaint ar an ainmhí anois? **(2 mharc)**

Freagraí samplacha: “na céadta daoine”; na céadta; daoine; cuairteoirí...

- (d) Luaigh an rud is mó a theastaíonn ón ainmhí anois. **(2 mharc)**

Freagraí samplacha: “mé a ligean amach”; bheith saor; bheith ar ais san Afraic; bheith ar ais ina thimpeallacht féin...

- (ii) Inis i **d’fhocail féin**, cén saghas ainmhí é an t-ainmhí seo. (Is leor **dhá** phointe eolais.)
(2 phointe eolais ar 4 mharc an ceann)

Freagraí samplacha: Leon/tíogar; mór; cumasach; sláintiúil; dainséarach; lán le fuinneamh/sprid nuair a bhí sé saor; ainmhí fiáin/allta; ainmhí bródúil; álainn; mór, láidir; cáiliúil toisc go bhfuil sé fiáin; bhí sé ag búiríl; bhí sé ag cur eagla ar gach ainmhí; brónach; níl fuinneamh ann; níl dínit aige anois; leadránach anois; míshona agus míshásta anois lena shaol...

Nóta: Línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar na pointí eolais = 2/4 + 2/4

- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

An mothúchán is láidre a ainmniú = **1** mharc

Dhá shampla den mhothúchán = **4** mharc + **4** mharc

Samplaí de mhothúcháin: Bród; uabhar; brón; cumha; tuirse croí; easpa suime; briseadh croí; éadóchas; frustrachas; uaigneas; easpa fuinnimh; neamhspleáchas; easpa saoirse...

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

(b) Colscaradh

- (i) Cad is téama don dán *Colscaradh*, dar leat? Tabhair **dhá** pointe eolais faoin téama sin sa dán.

Téama a ainmniú = **2** mharc

Dhá pointe eolais faoin téama sin = **3** mharc + **3** mharc

Téamaí samplacha:

Grá; Easpa grá; Brón; Pósadh; Fadhbanna an phósta; Lánúin ag scaradh/briseadh suas; Colscaradh; Briseadh croí; Saint; Easaontas; Neamhspleáchas; Saoirse na mban; Leithleachas; Coimhlint; Saol traidisiúnta v Saol nua-aimseartha...

- (ii) Inis **i d'fhocail féin**, cén saghas duine í an bhean sa dán. (Is leor **dhá** pointe eolais.)

Dhá pointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

Freagraí samplacha: Is bean nua-aimseartha í; Bhí sí ag iarraidh neamhspleáchais; Bhí sí leithleach; Bhí sí santach; Bhí sí brónach; Bhí easpa grá ina saol; Bhí sí ag iarraidh cuid den chumhacht/áit chónaithe/grá/leath dá raibh ag a fear/laethanta saoire thar sáile/go mbeadh meas ag cuid mhór daoine uirthi...

Nóta: Línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar na pointí eolais = 2/4 + 2/4

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

Is maith / Ní maith = **(1** mharc) + **dhá** fháth = **(4** mharc + **4** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) **agus** an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

B – FILÍOCHT ROGHNACH – (50 marc)
--

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis i **d'fhocail féin**, cad iad príomhsmaointe an dáin.

2 phointe eolais ag teastáil

2 Lomphointe = 2 mharc (1 mharc + 1 mharc)
Forbairt = 5 mharc (3 mharc + 2 mharc) (7 marc)

- (ii) Luaigh **dhá** íomhá (**dhá** phictiúr) atá sa dán. Déan cur síos i **d'fhocail féin** ar an **dá** íomhá (ar an **dá** phictiúr) sin sa dán.

2 Íomhá / 2 phictiúr a lua = 2 mharc (1 mharc + 1 mharc)
Forbairt = 5 mharc (3 mharc + 2 mharc) (7 marc)

- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

Mothúchán a lua = 1 mharc
2 shampla = 8 marc (4 mharc + 4 mharc) (9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

Teideal an dáin = 1 mharc
Ainm an fhile = 1 mharc (2 marc)

Iomlán (25 marc)

Treoir: Má roghnaítear dán seanaimseartha, bronnfar 0 ar an bhfreagra.

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

- (b) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat.
Tabhair **dhá** phointe eolais faoin téama sin sa dán.

Téama a lua = **2** mharc

Dhá phointe eolais faoin téama sin = **5** mharc (**3** mharc + **2** mharc)

(7 marc)

- (ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

Atmaisféar a lua = **1** mharc

2 shampla den atmaisféar sin = **6** mharc (**3** mharc + **3** mharc)

(7 marc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

Is maith/Ní maith = **1** mharc

2 fháth = **8** marc (**4** mharc + **4** mharc)

(9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

Teideal an dáin = **1** mharc

Ainm an fhile = **1** mharc

(2 mharc)

Iomlán (25 marc)

Treoir: Má roghnaítear dán seanaimseartha, bronnfar 0 ar an bhfreagra.

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) **agus** an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin.
- Úsáid próiseálaí focal.
- Úsáid scríobhaí.
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach.

Sa Ghaeilge Gnáthleibhéal san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

Litriú: I gcás earráidí litrithe, iarrtar ar scrúdaitheoirí gan líne a chur faoi fhocail atá litrithe mícheart ná faoi fhocail a bhfuil síneadh fada ar lár, fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail.

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

An Chluastuiscint: An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge. [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Páipéar 1: Ceist 2: An Cheapadóireacht - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc.

Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint - an measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Páipéar 2: Ceist 2: An Prós - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis. [Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta. [Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Blank Page

Blank Page

Blank Page

